UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Polasaí maidir le Cosaint Sonraí

Faofa ag an Údarás Ceannais an 26 Meitheamh 2015

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúl de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a eiroidh.

1. AN AIDHM ATÁ LE POLASAÍ COSANTA SONRAÍ OLLSCOIL LUIMNIGH

1.1 Is é an aidhm atá leis an bPolasaí Cosanta Sonraí seo cearta agus príobháideachas aon duine a bpróiseálann an Ollscoil a gcuid sonraí pearsanta de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chosaint (an tAcht um Chosaint Sonraí 1988 agus an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003).

1.2 Tá Ollscoil Luimnigh ar a seacht dícheall ag iarraidh cearta agus príobháideacht daoine a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus tuigtear na cearta a thugann na hAchtanna do dhaoine agus na freagrachtaí a chuireann na hAchtanna ar fhostaithe na hOllscoile a phróiseálann sonraí pearsanta ina gcuid oibre.

2. SAINMHÍNIÚ AR CHOSAINT SONRAÍ

2.1 Déanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí foráil do shonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil, a choinneáil agus a scriosadh ar deireadh ar bhealach slán, freagrach chun nach mbainfear aon mhí-úsáid astu.

2.2 Sonraí Pearsanta agus Sonraí Pearsanta Íogaire

2.2.1 Is éard is ‘sonraí pearsanta’ ann ná sonraí a bhaineann le duine beo is féidir a aithint ó na sonraí féin nó ó shonraí mar aon le heolas eile atá ag an Ollscoil.

2.2.2 ‘Tá sainmhíniú an-leathan ag 'sonraí pearsanta’ agus áirítear leis, ach níl teoranta ag, ainm duine, céannacht fhiseolaíoch, eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta, ainmneacha bréige, slí bheatha, seoladh etc.

2.2.3 Déantar idirdhealú sna hAchtanna idir ‘sonraí pearsanta’ agus ‘sonraí pearsanta íogaire’. Baineann ‘sonraí pearsanta íogaire’ le bunús eitneach nó ciniúil duine; tuairimí polaitiúla; creideamh reiligiúnach nó fealsúnach; sláinte fhisiciúil agus intinne; saol gnéis; ciontuithe coiriúla, a bheith líomhnaithe go ndearna sé/sí cion agus ballraíocht i gceardchumann.

2.2.4 Chun críche an Pholasaí seo, measfar go dtagraíonn ‘sonraí pearsanta’ do ‘sonraí pearsanta’ agus ‘sonraí pearsanta íogaire’ araon.

2.2.5 Féadfar sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm leictreonach (e.g. ar ríomhaire, córas CCTV) nó i bhfoirm chrua.

2.3 Toiliú

2.3.1 Nuair a bheidh daoine ag tabhairt aon sonraí pearsanta don Ollscoil ní mór iad a chur ar an eolas faoin úsáid a bhainfear as na sonraí agus ní mór dóibh a dtoiliú a thabhairt dó sin.

2.4 Sonraí Pearsanta a bhaineann le Daoine atá Básaithe

2.4.1 Is é an dea-chleachtas go gcoinnítear na sonraí pearsanta a bhaineann le duine básaithe agus go bpróiseáiltear iad ar an gcaoi chéanna is a dhéantar le sonraí pearsanta duine beo.

2.5 Sonraí Pearsanta gan ainm

2.5.1 Ní thagann sonraí pearsanta a bhailítear gan ainm nó nach féidir a aithint faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí ná an Polasaí seo.

3. ÚSÁID SONRAÍ PEARSANTA IN OLLSCOIL LUIMNIGH

3.1 Chun a feidhmeanna a chomhlíonadh, caithfidh an Ollscoil (mar 'rialaitheoir sonraí') sonraí pearsanta áirithe faoi fhostaithe, mic léinn agus daoine eile a bhfuil teagmháil acu leis an Ollscoil a bhailiú agus a phróiseáil. Baineann na feidhmeanna seo le cúrsaí a eagrú agus a riaradh; scrúduithe; céimeanna agus dámhachtainí eile a bhronnadh; gníomhaíochtaí taighde cosúil le cloí le riachtanais chonartha na gcomhlachtaí maoinithe; mic léinn a earcú; lóistín do mhic léinn; fostaithe a earcú, a cheapadh agus a íoc; cloí le hoibleagáidí reachtúla; agus gníomhaíochtaí eile acadúla agus riaracháin riachtanacha.

3.2 Caithfear aon sonraí pearsanta a bhailíonn agus a phróiseálann an Ollscoil a choinneáil slán agus faoi rún daingean chun na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

3.3 Caithfidh aon fhoráil don Ollscoil, mar 'rialaitheoir sonraí', tríú páirtí a úsáid (mar 'phróiseálaí sonraí') a bheith faoi réir comhaontú scríofa. Caithfear gach comhaontú atá beartaithe idir an Ollscoil agus tríú páirtí a fhorbairt i gcomhar le hOifig an Rúnaí Chorparáidigh.

4. SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL

4.1 Cuireann reachtaíocht um Chosaint Sonraí roinnt srianta ar an gcaoi a bhféadfaidh an Ollscoil sonraí pearsanta a phróiseáil.

4.2 Caithfidh an Ollscoil sonraí pearsanta a láimhseáil de réir na n-ocht prionsabal um chosaint sonraí atá sonraithe sna hAchtanna mar seo a leanas:

(a) Na sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil go cothrom;
(b) A choinneáil do chuspóirí dleathacha áirithe amháin;
(c) A úsáid agus a thaispeáint ar bhealaí a thagann leis an gcaoi ar cuireadh na sonraí sin ar fáil;
(d) A choinneáil slán, sábháilte;
(e) A choinneáil cruinn, iomlán agus cothrom le dáta;
(f) A chinntiú go bhfuil siad leordhóthaineach, cuí agus nach bhfuil siad thar fóir;
(g) Gan iad a choinneáil níos faide ná mar is gá do na cuspóirí sonraithe;
(h) Cóip dá s(h)onraí pearsanta a thabhairt do dhuine, ar iarratas.

5. FREAGRACHTAÍ FHOSTAITHE NA HOLLSCOILE

5.1 Baineann an Polasaí seo le gach roinn, oifig, aonad, ionad taighde agus limistéar oibre ar cuid den Ollscoil iad agus baineann sé le gach sonraí pearsanta a phróiseálann an Ollscoil.

5.2 Cé go bhfuil an Ollscoil ina hiomláine freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, tá Ceann gach limistéar Acadúil/Riaracháin/Príomhthaighdeoir[1]/Stiúrthóir[2] freagrach as an bPolasaí seo a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas i leith láimhseáil sonraí i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a choinneáil faoi rún ina limistéir féin.

5.3 D'ainneoin an méid sin thuas, tá freagracht ar gach fostaí de chuid na hOllscoile, a bhailíonn nó a úsáideann sonraí pearsanta mar chuid dá ndualgais, a chinntiú go bpróiseálann siad na sonraí pearsanta de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Pholasaí seo, i Rialacháin Chosanta Sonraí na hOllscoile, sna hAchtanna Cosanta Sonraí agus in aon pholasaí/rialachán/nós imeachta cuí eile de chuid na hOllscoile.

5.4 **Rialacháin Chosanta Sonraí Ollscoil Luimnigh**

5.4.1 Chun cuidiú le fostaithe an Polasaí seo a chur i bhfeidhm, tá na Rialacháin Chosanta Sonraí le fáil ag www.ul.ie/dataprotection. Leagann na rialacháin seo amach príomhréimsí oibre na hOllscoile sa chás ina bhféadfadh fadhbanna cosanta sonraí teacht chun cinn agus leagtar amach an dea-chleachtas chun déileáil leo.

6. NÓS IMEACHTA I GCÁS SÁRÚ AR SHONRAÍ PEARSANTA

6.1 Is féidir sárú ar shonraí pearsanta a shainmhíniú mar eachtra ina ndéantar sonraí pearsanta a roinnt, a chailleadh, a scriosadh nó a athrú gan údarú trí, mar shampla, fearas soghluaiste a chailleadh nó a bheith goidte, iad a roinnt trí thimpiste trí ríomhphost nó córas leictreonach eile, taifid chrua a chailleadh etc.

6.2 I gcás sárú ar shonraí pearsanta, caithfear Oifig an Rúnaí Chorparáidigh ar chur ar an eolas ar an bpointe (teagmháil: Oifigeach Faisnéise & Comhlíontacháin, Folíne: 4393; ríomhphost: dataprotection@ul.ie). Cinnteoidh Oifig an Rúnaí Chorparáidigh, nuair is gá agus is cuí, go gcuirfear an t-ábhar sonraí agus Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an eolas taobh istigh de dhá lá ar a mhéad ón sárú tarlú mar is gá de réir 'Chód Cleachtais um Shárú ar Shlándáil Sonraí Pearsanta' an Choimisinéara Cosanta Sonraí (atá le fáil ar www.dataprotection.ie).

---

[1] **Príomhthaighdeoir**: Fostaí de chuid na hOllscoile atá freagrach as togra taighde a dhearadh, a chur i bhfeidhm, a chur i gcrích agus a bhainistiú.

[2] **Stiúrthóir**: Fostaí de chuid na hOllscoile a fhaigheann iarchéimí taighde agus iad ag tosú ar thogra taighde iarchéime. Tá an stiúrthóir freagrach as gníomhaíochtaí acadúla agus taighde an iarchéimí mar a mhínítear i gCuid 5 de Handbook of Academic Regulations and Procedures (Research Postgraduate Academic Regulations) Ollscoil Luimnigh.

6.3 Má sháraítear téarmaí agus coinníollacha an Pholasaí seo agus Rialacháin Chosanta Sonraí na hOllscoile (atá le fáil ar www.ul.ie/dataprotection) d'fhéadfaí damáiste mhór a dhéanamh de cháil na hOllscoile agus d'fhéadfadh sí íoc go daor as agus d'fhéadfaí Reacht Uimh. 4 d'Ollscoil Luimnigh: 'Nithe a bhaineann le hAraíonacht Fostaithe agus Foirceannadh Fostaíochta' a bheith glaoite.

7. IARRATAIS ROCHTANA AR ÁBHAR SONRAÍ

7.1 Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, tá ábhar sonraí i dteideal iarratas a dhéanamh ar a sonraí pearsanta atá coinnithe ag an Ollscoil. Tá nósanna imeachta na hOllscoile agus foirm iarratais ar ábhar sonraí le fáil ag www.ul.ie/dataprotection/makerequest.

8. ATHBHREITHNIÚ

8.1 Athbhreithneofar an Polasaí seo go rialta má dhéantar aon leasú ar an reachtaíocht.